




# Paidreacha

Buíochas leis an Dr Rita Kelly, (Cumann Gaelach na Eaglaise) a d'aistrigh roinnt paidreacha ó Praying Together go Gaeilge




# Paidir ar son ár scoil



A Dhia dhil, beannaigh na páistí go léir sa scoil is againne.

Cabhair leo foghlaim i dtimpeallacht lách, sona.

Beannaigh na hoidí is an fhoireann uile sa scoil is againne,  go léanfadh said ag spreagadh is ag treorú ár scoláirí.


A Dhia, beannaigh na tuistí, na caomhnóirí is na teaghlaigh go léir a bhaineann lenár scoil seo. Gabhaimid buíochas Duit as a gcuid ndíograis is a gcuid tacaíochta.

Beannaigh baill den Bhord Bainistíochta. Iarraimid ort treoir, inspioráid, treo sna mbeart a gcuireann siad i bhfeidhm dár scoil.

Beannaigh, a Dhia, na tiománaithe bus, ag a bhfuil sábháilteacht is cúram ár bpáistí Idir láimhe acu.

Tugann tú aire dúinn go léir sa scoil, tugann tú grá dúinn is iontach buíoch atá muid. **Áiméan**

***leathanach 3 Praying Together***




# Paidir i dtosach an lae

A Dhia dhílis, is mór an rud é dúinn, go bhfuil tú in eineacht linn is muid ag cur tús leis an lá nua.

Cabhraigh linn an lá a thosnú le tús úr.


Iarramid ort cabhrú linn chun saothrú go macánta, chun imirt go cothrom agus tacaíocht a chothú do gach aon duine.

Cabhair dúinn na buanna a thug tú dúinn a mheas agus úsáid a bhaint astú ar mhaithe an duine eile.

Guímis, in ainm Chríost. **Áiméan**



***leathanach 3 Praying Together***




# Paidir i dtosach an lae

A Dhia dhílis, muid iontach buíoch díot, as an lá nua seo ar scoil.

Múid ag tnúth le go leor aghadhanna cairdiúla a fheiscint.


Bí linn inniu agus gach uile lá.

Mar a théann gach lá scoile tharann, is féidir linn ár muinín iomlán

A chur ionat.  **Áiméan**



***leathanach 3 Praying Together***




# Paidir i dtosach an lae

A Thiarna, nuair a bhriseann lá úrnua orainn, beannaigh muid is bí inár measc.

Tabhair do ghrá is do threoraíocht dúinn. Treor dúinn na roghanna cearta a ghlacadh.


Tabhair misneach dúinn chun na leaganacha is fearr dínn féin a bhreith chun solais.

Is buíoch atá muid do gach duine atá páirteach inár gcuid oideachais.

Is buíoch atá muid do gach duine a chothaíonn tacaíocht dúinn gach aon lá. **Áiméan**

***leathanach 3 Praying Together***






# Trua-Phaidir

A Dia dhílis, is trua linn na tréimhsí gur cuma linn an saol uile, is an duine eile,

Ní rabhamar mar a d'iarrfá-sa muid a bheith.

Is trua linn na focail uainn a ghortaigh daoine eile.

**A Athair, maith dúinn é.**

Is trua linn na gníomhartha uainn a ghortaigh an duine eile.

**A Athair, maith dúinn é.**

Is trua linn na tréimhsí nár chabhraigh muid an duine eile.

**A Athair, maith dúinn é.**


Is trua linn ár mbotúin. Cabhair dúinn cuimhniú gur mhaithigh tú muid

Is gur thug tú tús as an nua dúinn.

**Áiméan**



***leathanach 37 Praying Together***




# Buíochas le Dia

A Dhia dhílis, is buíoch atá muid as ár dteaghlaigh is as ár gcairde.

Go raibh maith agat as gach duine is ceansa linn.

Cabhair dúinn bheith go maith agus lean do bhealaí i gcónaí.

Coinnigh sláinte is sábháilte muid go léir.

Cuir dídean ar fáil do na daoine gan dídean. Cuir feabhas ar na daoine breoite.

Buíochas duit go bhfuil teach is dídean againn.

Coinnigh gach duine sona sásta.


Buíochas Duit go bhfuil ár ndóthain againn i gcónaí.

Buíochas Duit as gach aon ní.

In ainm Chríost. **Áiméan**



***leathanach 39/40 Praying Together***




# Buíochas le Dia as an dúlra

**Buíochas Duit, a Dhia**, as na crainn ghleoite, na beacha agus an fharraige, na plandaí is na hainmhithe is gach ní mórthimpeall orainn.

**Déanfaimid ár ndícheall aire a thabhairt dóibh.**

Buíochas Duit as an mbia, na crainn is na hainmhithe, na haibhneacha áille is na bláthanna, agus buíochas Duit as na páirceanna.

**Déanfaimid ár ndícheall aire a thabhairt dóibh**

Buíochas Duit as an lá inniu, na hainmhithe, na bláthanna is an fharraige. Go raibh maith agat as na crainn ghleoite.

**Déanfaimid ár ndícheall aire a thabhairt dóibh.**

Go raibh maith Agat as ár ndomhan uile, na crainn go léir, na bláthanna is na plandaí, solas geal na gréine, na cait is na héisc faoi thoinn.

**Déanfaimid ár ndícheall aire a thabhairt dóibh.**

Buíochas Duit, a Dhia as an mbia


Buíochas Duit, a Dhia as an teaghlach.

Buíochas Duit, as na bláthanna, na hainmhithe, plandaí, an fharraige is na crainn.

Buíochas Duit, a Dhia, as gach aon ní. **Áiméan**



***leathanach 27 Praying Together***




# Buíochas le Dia as an dúlra

A Thiarna dhil, míle buíochas as an lá is as an oíche.

Is na tréimhsí geala i solas na gréine.

Buíochas mór Duit as na héin is na beacha,

Na plandaí is na crainn.

Buíochas ó chroí duit as solas séimh na gealaí,

Is na réalta geala a lonraíonn i rith na hoíche.

Míle buíochas as na héisc a fheiceann muid


Ar snámh sa ghorm-fharraige ollmhór.

Míle buíochas as an míol mór gorm

Leanann sé ar snámh gan teip. **Áiméan**



***leathanach 25 Praying Together***




# Ár dTír



A Dhia na náisiún uile,

Guímis ar son na hÉireann, an tír álainn seo.

Beannaigh gach duine a mhaireann anseo, cuma cérbh as dóibh.

Beannaigh gach duine atá i gceannas orainn, tá ár bpaidreacha ag taisteáil uathu.

Cruthaigh áit shíochánta is shona as an tír is againne.

Cabhraigh linn bheith bródúil asti mar thír, is páirt cheart a ghlacadh mar shaoránaigh óga inti.

Bí cinnte dhe, a Dhia, go mbeidh said, na daoine a thagann inár ndiaidh, in ann taitneamh a bhaint asti mar thír. **Áiméan**

***leathanach 31 / 32 Praying Together***